



earnáil  
rátaí arda cánach  
soláthairtí fola  
ceithre scór  
seirbhísí éigeandála  
mailís

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Ceist 4** *Eimear Ní Chonaola*

1. An mbaineann tú úsáid as an leagan Gaeilge nó as an leagan Béarla de do shloinne? Cén fáth?
2. An maith leat d'ainm? Cén fáth?
3. Cad is brí le **Mac** agus cad is brí le **Ó**?
4. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Seán Mac an Luain. Máire agus Éamonn is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu, mar sin?
5. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Cathal Ó Ceallaigh. Anna agus Pól is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu mar sin?
6. Conas a deirtear *Mr* agus *Mrs* i nGaeilge?

**Ceist 5** '...i mBaile Átha Cliath...'

Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den urú roimh logainm a chloiseann tú. Mura bhfuil tú cinnte faoin litriú, is féidir leat dul go dtí an suíomh [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar cheart do chomhlachtaí móra, ar nós *Google* agus *Amazon*, níos mó cánach a íoc? Cén fáth?
2. Cén fáth a bhfuil ráta níos lú cánach sa tír seo ná mar atá i dtíortha eile?
3. An ndéanfaíonn tú féin fuil go minic? Cén fáth?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

a large pharmaceutical company  
based, resident  
amalgamation  
in the health products sector  
high tax rates  
donated  
a lack of iron  
blood supplies  
over 80  
emergency services  
malice

*comhlacht ollmhór cógaisíochta  
lonnaithe  
cónascadh  
san earnáil táirgí sláinte  
rátaí arda cánach  
dheonaigh  
easpa iarainn  
soláthairtí fola  
os cionn ceithre scór  
seirbhísí éigeandála  
mailís*

### Ceist 2

1. Tá an comhlacht mór *Allergan*, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gContae Mhaigh Eo, chun an comhlacht *Pfizer* a cheannach. **Bréagach. Tá Pfizer chun Allergan a cheannach.**
2. 160 billiún dollar atá luaite leis an gcónascadh. **Fíor.**
3. Bainfidh *Pfizer* tairbhe as na rátaí ísle cánach in Éirinn. **Fíor.**
4. Tá Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann ag iarraidh ar fhir fuil a dheonú mar nach bhfuil go leor ban ag teacht isteach go dtí na clinicí. **Bréagach. An tseachtain seo caite stop an tSeirbhís ag glacadh le fuil ó roinnt ban a dheonaigh fuil roimhe seo mar go bhféadfadh easpa iarainn a bheith orthu.**
5. Tugtar le fios go bhfuil easpa iarainn ar a lán fear sa tír. **Bréagach. Féach uimhir 4.**
6. Tá srian ar sholáthairtí fola O diúltach agus A diúltach. **Fíor.**
7. Glacfar le fuil ban agus fear arís i gceann bliana. **Bréagach. Glacfar le fuil ó fhir agus ó mhná an Luan seo chugainn.**
8. Dódh fear ina theach féin go luath maidin inniu. **Fíor.**

### Ceist 3

Iarr ar na foghlaimoírí na focail a chur in abairtí. Iarr orthu ansin a n-abairtí a phlé ina mbeirteanna sula bpléifidh tú féin iad os comhair an ranga ar fad.

### Ceist 4

- 1 agus 2: tuairimíocht atá i gceist.
3. Mac – son / Ó – grandson
4. Máire Nic an Luain / Éamonn Mac an Luain
5. Anna Ní Cheallaigh / Pól Ó Ceallaigh
6. Mr – An tUasal: An tUasal Ó Ceallaigh agus An tUasal Mac an Luain  
Mrs – Bean Uí/Bean Mhic: Bean Uí Cheallaigh agus Bean Mhic an Luain

### Ceist 5

i mBaile Átha Cliath  
i gCathair na Mart  
i gContae Mhaigh Eo  
i gContae Thiobraid Árann  
i gCill Síoláin

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

**Scéal 1**

Tá socrú déanta ag an gcomhlacht ollmhór cógaisíochta *Pfizer* an comhlacht cógaisíochta *Allergan*, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gCathair na Mart i gContae Mhaigh Eo, a cheannach. Céad seasca billiún dollar atá luaite leis an gcónascadh – an cónascadh is mó riamh san earnáil táirgí sláinte. Faoin socrú nua, bogfaidh ceanncheathrú *Pfizer* as Nua-Eabhrac go ceanncheathrú *Allergan* i mBaile Átha Cliath agus leis an socrú sin d'fhéadfadh *Pfizer* bheith in ann rátaí arda cánach Mheiriceá a sheachaint.

**Scéal 2**

Tá Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann ag éileamh ar níos mó fear fuil a thabhairt. An tseachtain seo caite, stop an tSeirbhís ag glacadh le fuil ó roinnt ban a dheonaigh fuil roimhe seo mar go bhféadfadh easpa iarainn a bheith orthu. Táthar ag iarraidh ar ospidéal soláthairtí fola a chaomhnú agus tá srian ar sholáthairtí fola O diúltach agus A diúltach. Deir an tSeirbhís Fuilaidriúcháin go bhfuil súil acu a bheith ag glacadh le fuil ó fhir agus ó mhná arís Dé Luain seo chugainn.

**Scéal 3**

Bhásaigh fear a bhí os cionn a cheithre scór i dtine, i dteach i gContae Thiobraid Árann go moch ar maidin. Cuireadh fios ar na seirbhísí éigeandála go dtí an teach i gCill Sóláin, gar do Chluain Meala, thart ar leathuair tar éis a haon. Thángthas ar chorp an fhir sa teach. Ní mheasann na Gardaí ag an tráth seo go raibh aon mhailís i gceist.